2025/189

28.1.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2025/189 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Eanáir 2025

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES [1], agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) An 20 Nollaig 2024, bhain an Coiste arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bhaineann leis an Libia duine amháin de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

[1] IO L 206, 1.8.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1333/oj.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

In Iarscríbhinn I (‘Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 8(1)’), agus in Iarscríbhinn III (‘Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(1)’, Cuid A (‘Daoine aonair’)), scriostar an iontráil faoi seach, uimhir 20, a bhaineann le Abdelhafiz ZLITNI.